Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5329/22**

**MI 34**
**COMPET 23**
**AGRI 17**
**DELACT 5**
**ENT 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 54 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.1.2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 a mhéid a bhaineann lena chuid forálacha idirthréimhseacha maidir le feithiclí áirithe talmhaíochta agus foraoiseachta atá feistithe le hinnill sa raon cumhachta idir 56kW nó níos mó ná sin, agus níos lú ná 130 kW, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 54 final.

Faoi iamh: C(2022) 54 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2022
C(2022) 54 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.1.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 a mhéid a bhaineann lena chuid forálacha idirthréimhseacha maidir le feithiclí áirithe talmhaíochta agus foraoiseachta atá feistithe le hinnill sa raon cumhachta idir 56kW nó níos mó ná sin, agus níos lú ná 130 kW, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Bhí paindéim COVID-19 ina cúis le cur isteach ar an slabhra soláthair agus ar an táirgeadh. Mar gheall ar an gcur isteach sin, spriocdhátaí 2021 is infheidhme maidir leis an innealra atá feistithe le hinnill idirthréimhseacha sa raon cumhachta idir 56 kW agus 130 kW, ní bheidh monaróirí in ann na spriocdhátaí sin a chomhlíonadh i gcónaí gan a bheith thíos le damáiste tromchúiseach eacnamaíoch. Bhí go dtí an 30 Meitheamh 2021 ag monaróirí chun táirgeadh an innealra atá feistithe leis na hinnill sin a thabhairt chun críche agus ní mór dóibh é a chur ar an margadh faoin 31 Nollaig 2021.

Mar gheall ar an gcur isteach leanúnach sin, leasaíodh Rialachán (AE) 2016/1628[1] le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair le Rialachán (AE) 2021/1068[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na spriocdhátaí in 2021 a chur siar, ar spriocdhátaí iad a bhaineann le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá feistithe le hinnill idirthréimhseacha sa raon cumhachta idir 56 kW agus 130 kW.

Cé go bhfuil an slabhra soláthair agus an táirgeadh fós as a riocht, níl cúrsaí chomh dona is a bhí in earrach 2020 ó thaobh fairsinge agus déine de. Mar sin, cinneadh gur leor síneadh 6 mhí a thabhairt i dtaca le monarú an innealra a bhí feistithe leis na hinnill sin agus síneadh 9 mí a thabhairt i dtaca leis an innealra sin a chur ar an margadh, seachas an síneadh 12 mhí a tugadh le haghaidh an dá rud in 2020.

Innill atá feistithe i bhfeithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, ós rud é, de réir Airteagal 19(3) de Rialachán 167/2013[3], go bhfuil siad de réir theorainneacha astaíochtaí Chéim V agus na bhforálacha idirthréimhseacha le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1628, na síntí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1068, ba cheart iad a léiriú freisin i Rialachán (AE) 2018/985[4] le haghaidh feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta.

Ní bheidh aon tionchar ag an síneadh sin ar an gcomhshaol mar táirgeadh na hinnill idirthréimhseacha cheana agus is féidir briseadh inseachanta a chosc ach na spriocdhátaí is infheidhme a chur siar. Cuirtear san áireamh sa chur siar seo go mbíonn táirgeadh agus díolachán feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta séasúrach agus go raibh sé deacair a thuar cé chomh fada is a mhairfeadh an cur isteach de dheasca COVID-19.

---

1 Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53).

2 Rialachán (AE) 2021/1068 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann lena chuid forálacha idirthréimhseacha maidir le hinnealra áirithe atá feistithe le hinnill sa raon cumhachta idir 56 kW, nó níos mó sin, agus níos lú ná 130 kW, nó sa raon cumhachta is mó ná 300kW nó atá cothrom leis sin, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 (IO L 230, 30.6.2021, lch. 1).

3 IO L 60, 2.3.2013, lch. 1.

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais feidhmíochta comhshaoil agus modha tiomána i ndáil le feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta agus a n-inneall, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/96 ón gCoimisiún (IO L 182, 18.7.2018, lch. 1).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle cheana féin leis na Ballstáit agus leis an earnáil tionsclaíochta maidir le hiarmhairtí phaindéim COVID-19. Chuir roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara san earnáil tionsclaíochta in iúl go soiléir gur fadhb é an cur isteach ar an soláthar agus gur gá go gcuirfí siar na spriocdhátaí a bhaineann le táirgeadh na bhfeithiclí atá feistithe le hinnill idirthréimhseacha agus lena gcur ar an margadh.

Ní athraítear Rialachán (AE) 2018/985 ó thaobh substainte de leis an ngníomh seo agus ní fhorchuirtear oibleagáidí nua ar na páirtithe lena mbaineann. Níl ann ach léiriú ar an leasú ar Rialachán (AE) 2016/1628.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

(a) Bunús dlí

Is é is bunús dlí don ghníomh tarmligthe seo Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta.

(b) Rogha ionstraimí

Is é an rialachán an ionstraim iomchuí chun Rialachán (AE) 2018/985 a leasú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.1.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 a mhéid a bhaineann lena chuid forálacha idirthréimhseacha maidir le feithiclí áirithe talmhaíochta agus foraoiseachta atá feistithe le hinnill sa raon cumhachta idir 56kW nó níos mó ná sin, agus níos lú ná 130 kW, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta[5], agus go háirithe Airteagal 19(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, na hinnill atá feistithe i bhfeithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, bíonn siad de réir theorainneacha astaíochtaí Chéim V agus na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(2) Mar gheall ar an gcur isteach leanúnach de dheasca phaindéim COVID-19, leasaíodh Rialachán (AE) 2016/1628 le Rialachán (AE) 2021/1068 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] ionas go gcuirfí siar na spriocdhátaí atá ann in 2021 maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá feistithe le hinnill idirthréimhseacha sa raon cumhachta idir 56 kW agus 130 kW. Cuireadh síneadh 6 mhí le spriocdháta an 30 Meitheamh 2021 maidir le táirgeadh an innealra atá feistithe leis na hinnill sin, agus cuireadh síneadh 9 mí le spriocdháta an 31 Nollaig 2021 maidir leis an innealra atá feistithe leis na hinnill sin a chur ar an margadh.

(3) An cur isteach leanúnach ar an slabhra soláthair agus ar an táirgeadh atá ann de dheasca phaindéim COVID-19, is cúis mhoille fós é maidir le feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, ar feithiclí iad atá feistithe le hinnill idirthréimhseacha sa réimse cumhachta idir 56 kW agus 130 kW. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, chun deimhneacht dhlíthiúil a

---

5 IO L 60, 2.3.2013, lch. 1.

6 Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53).

7 Rialachán (AE) 2021/1068 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann lena chuid forálacha idirthréimhseacha maidir le hinnealra áirithe atá feistithe le hinnill sa raon cumhachta idir 56 kW, nó níos mó sin, agus níos lú ná 130 kW, nó sa raon cumhachta is mó ná 300kW nó atá cothrom leis sin, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 (IO L 230, 30.6.2021, lch. 1).

sholáthar, agus chun an cur isteach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an margadh a sheachaint, is gá síneadh a chur le forálacha idirthréimhseacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985[8] ón gCoimisiún i gcás na gcatagóirí inneall sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 a leasú dá réir.

(5) Toisc nach n-imreoidh fadú na bhforálacha idirthréimhseacha aon tionchar ar an gcomhshaol, ós rud é go bhfuil na hinnill idirthréimhseacha lena mbaineann táirgthe cheana, 9 mí agus 6 mhí ba cheart a bheith sa síntí a chuirfear leis na tréimhsí ábhartha ionas go mbeifear de réir tréimhsí sínte dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/1628.

(6) Ós rud é go bhfuil an idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 13(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 i gcás innill áirithe le dul in éag an 31 Nollaig 2021 agus go raibh go dtí an 30 Meitheamh 2021 ag monaróirí chun feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta atá feistithe le hinnill idirthréimhseacha na bhfochatagóirí sin a tháirgeadh, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Iúil 2021. Is gá foráil den chineál sin a dhéanamh mar tá cur isteach fós á dhéanamh de bharr paindéim COVID- 19, rud nach raibh coinne leis, agus mar is gá deimhneacht dhlíthiúil agus cóir chomhionann idir monaróirí a áirithiú, táirgidís feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó táirgidís ina dhiaidh iad,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 13 cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 5:

' Innill d'fhochatagóirí de chatagóir NRE arb é an 1 Eanáir 2020 an dáta éigeantach cur i bhfeidhm a leagtar amach ina dtaobh in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1628 i ndáil le hinnill Chéim V a chur ar an margadh, seachas na hinnill dá dtagraítear sa tríú fomhír, i gcás na n-inneall sin údaróidh na Ballstáit an síneadh 9 mí leis an tréimhse 24 mhí dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír, agus údaróidh siad an síneadh 6 mhí leis an tréimhse 18 mí dá dtagraítear sa dara fhomhír.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

[8] Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/985 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais feidhmíochta comhshaoil agus modha tiomána i ndáil le feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta agus a n-inneall, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/96 ón gCoimisiún (IO L 182, 18.7.2018, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.1.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*